# ELeathanach 418

Dé Luain, an 3 Deireadh Fómhair 2022

## Ed Sheeran agus na *Pokémon*




Tá amhrán nua le Ed Sheeran ar fáil anois. *Celestial* an t-ainm atá ar an amhrán. Bhí a lucht leanúna ag súil go mór leis an amhrán nua seo.

Ó bhí Ed Sheeran sa bhunscoil, bhí an-spéis aige in *Pokémon* agus nuair a bhí sé 7 mbliana d'aois thosaigh sé ag bailiú chártaí *Pokémon*.



Bhí Ed Sheeran agus *Pokémon* ag comhoibriú ar an amhrán. Tá *Pokémon* le feiceáil ar fud na háite san fhíseán a bhaineann leis an amhrán. Beidh an t-amhrán in úsáid i gcluichí *Pokémon* ón mí seo chugainn.

Ní hí seo an chéad uair a bhí *Pokemon* ag obair le ceoltóirí cáiliúla. An bhliain seo caite, bhí Katie Perry agus Post Malone páirteach san albam ó *Pokémon* ag ceiliúradh 25 bliain.




## NASA v an tAstaróideach

An tseachtain seo caite, rinne NASA turgnamh chun astaróideach sa spás a bhriseadh. Bhí siad ag iarraidh a fháil amach cad a tharlódh dá mbeadh astaróideach ag teacht i dtreo an Domhain amach anseo.

Bhuail spásárthach an t-astaróideach. Ar ndóigh ní raibh aon duine ar bord an spásárthaigh ag an am!

Thosaigh turas an spásárthaigh 10 mí ó shin, agus thaistil an spásárthach beagnach 11 mhilliún km ó shin.

Glacfaidh sé cúpla seachtain sula mbeidh a fhios ag NASA cad a tharla. Tá súil acu go mbeidh an t-astaróideach ag taisteal i dtreo eile tar éis an buille a fháil.

## Cainéal nua Cúla4 do pháistí ag teacht

An tseachtain seo caite bhí an cháinaisnéis ar siúl. Ar an lá sin tugann an rialtas eolas faoin mbuiséad agus faoi chúrsaí airgid don bhliain seo chugainn. Mar chuid den bhuiséad, d'fhógair siad go mbeidh €3.3 milliún ar fáil chun cainéal nua Gaeilge do pháistí a fhorbairt.

Tógfaidh an cainéal ar an obair iontach atá ar bun cheana féin. Chomh maith le drámaíocht agus le beochana Gaeilge, beidh clár nuachta ann do pháistí chomh maith.

Tá a lán clár ar fáil ar Cúla4, mar shampla, *Eco Laoch* a thosaigh le déanaí.

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta